

Gailearaí Féach, Crawford Foghlaim



Harry Clarke, *The Silver Snarling Trumpets* (Detail)

Ceist Ardteistiméireacht an Gailearaí *Imeall-eolas faoi Harry Clarke*

Taispeántas Ar Líne

Míreanna:

1. Réamhrá agus Cúlra
2. Maidir leis an gceist Ardteistiméireachta
3. Rogha faisnéise le haghaidh d'anailís a dhíriú
4. Ceisteanna a chuidíonn le do thuiscint a threorú ar an roghnú, ar an taispeáint, ar an gcur i láthair agus ar an mbrí taobh thiar de na saothair ealaíne.

Achmhainn curtha le chéile ag Mark Ewart agus Gealaraí Crawford.




Harry Clarke, *Full on this Casement Shone this Wintery Moon* (Mionghné)

1. Réamhrá agus Cúlra

Dearadh an acmhainn seo deartha don scrúdú Ardteistiméireachta maidir le stair agus meas na healaíne, Cuid III (Léirthuisctint ar an Ealaín). Díríonn sé ar 'cheist an ghailearaí', áit a chuirtear ceisteanna ar mhic léinn faoi thaispeántas ar thug siad cuairt air.

Spreagann an mír ar léirthuisctint na mac léinn freagra a thabhairt ar chuairt gailearaí agus ar an gcaoi ar cuireadh na saothair ealaíne i láthair agus ar choimeádtar iad. Tá an cheist seo ag lorg do thuisctint ar an gcaoi a ndeartar taispeántas agus d'fhreagra ar an gcur i láthair, an téama agus an taithí iomlán don chuairteoir.

Tá sé tábhachtach do léirmhíniú agus d'anailís ar an taispeántas. Cuimhnigh go mbíonn taithí ar leith ag gach cuairteoir ar thaispeántas. Cén fáth? Toisc go mbíonn tionchar ag ár n-aois, ár gcultúr agus ár dtaithí saoil ar an gcaoi a bhraithimid ar an ealaín. I gcomhthéacs an scrúdaithe, tá sé tábhachtach duit samplaí réadaigh a úsáid chun tacú le do léirmhíniú féin.



Harry Clarke, *Full on this Casement Shone this Wintery Moon* (Mionghné)

2. Maidir leis an gceist Ardteistiméarachta:

Is féidir an cheist maidir leis an ngailearaí a roinnt de ghnáth ina dhá chuid atá ceangailte lena chéile.

Baineann an chéad chuid le suíomh iomlán an taispeántais.

Smaoinigh ar na rudaí seo a leanas:

- An timpeallacht máguaird spás an taispeántais agus suíomh an ionaid.
- Cén rochtain atá ag cuairteoirí ar an taispeántas agus cé chomh inseolta atá sé dóibh?
- Cén bealach ar cuireadh faisnéis faoin taispeántas in iúl? Tabhair aird ar phainéil an téacs, ábhar fuaime/físe, faisnéiseagrafaigh, dearadh an suíomh Gréasáin, na meáin shóisialta, turais threoraithe nó fhíorúla, cláir rochtana agus oideachais d'aoiseanna éagsúla, srl.

Baineann na ceisteanna seo freisin, nuair is cuí, le taispeántais ar líne agus fíorúla

Sa dara cuid den cheist, déantar scrúdú níos dlúithe ar an gcaoi ar taispeánadh an saothar laistigh den spás agus de ghnáth iarrfar ort cur síos a dhéanamh faoi dhá shaothar ón taispeántas chomh maith le sceitse a dhéanamh díobh.

Smaoinigh ar na rudaí seo a leanas:

- Is féidir saothair an taispeántais a eagrú de réir ceiste, ábhar déantúsaíochta, téama nó go croineolaíoch, sin é, de réir cathain a rinneadh iad.
- Is féidir leis an gcoimeádaí grúpaí saothar a chur i láthair atá ar chomhchuma nó a spreagann na ceisteanna.
- Agus taispeántas á dhearadh aige, b'fhéidir go bhfuil súil ag an gcoimeádaí scéal a insint nó na saothair ealaíne a chur i gcomhthéacs sóisialta nó cultúrtha níos leithne.
- B'fhéidir go bhfuil sé mar aidhm ag an taispeántas rud éigin a rá faoi phróiseas déantúsaíochta an ealaíontóra.
- Baineann tábhacht le cúinsí praiticiúla m.sh. buiséad an taispeántais, cúram na saothar fíneálta, an spás balla agus urláir atá ar fáil, soilsiú, taithí an chuairteora.



Harry Clarke, *Numb were the beadsman's fingers* (Mionghné)

Smaoinigh ar an gcaoi ar chuir léiriú na saothar feabhas ar an mbealach a ndéacai siad i gcion ort.

- Mar shampla, ar spreag nó ar mheall beochan an tsneachta ag titim tú sa taispeántas ar líne Harry Clarke Marginalia?
- Cad a d'fhoghlaim tú óna chuid saothar féin faoi rún an ealaíontóra?
- Cad ab iad na téamaí coimeádaitheacha agus ar cheangail an saothar a bhí ar taispeáint an taispeántas le chéile?
- Ar thug an taispeántas aghaidh ar chomhthéacs sóisialta nó cultúrtha níos leithne?

B'fhéidir go n-iarrfaí ort achoimre a dhéanamh ar do thaithí i dtéarmaí iomlána na caoi a ndéacai sé i bhfeidhm ort.

- Bunaithe ar do thuiscint ar na critéir maidir le saothar ealaíne a thaispeáint go héifeachtach, smaoinigh ar conas ar éirigh leis an taispeántais nó ar an gcaoi a gceapfa go bhféadfaí á fheabhsú.
- Dar leatsa, conas a chuireann gealaraithe agus institiúidí cultúrtha taithí dearfach agus spreagúil ar fáil don cuairteoir?



Harry Clarke *The Fall of the House of Usher* (Mionghné)

3. Selected information to focus your analysis

Maidir leis an ealaíontóir:

Is ealaíontóir Éireannach é Harry Clarke (1889-1931) a bhfuil cáil air as a shamhlaíocht, a stíl líníochta agus a scil theicniúil. Chruthaigh sé léaráidí agus dearaí gloine dhaite ar leith le linn a shaol gairid, sula bhfuair bháis ón eitinn ag aois 41 bhliain dó.

Is minic a thuairiscítear go bhfuil tréith 'seodach' ag scil theicniúil Harry Clarke agus tá a leithéid le feiceáil sa tsaothar mionshonraithe a chruthaigh sé ar ghloine. Bhí gá le heitseáil fíorbheacht ag an obair dheacair seo ar shraitheanna gloine a bhí ceangailte le chéile ag fráma luaidhe.

D'ainneoin an coimeádachais shóisialta le linn blianta luatha Saorstát Éireann, rinne sé cur chuige neamhchoinbhinsiúnachar leith a fhorbairt i leith na healaíne a bhí bunaithe ina shamhlaíocht chomh maith le flúirse tionchar físiúla na hama, lena n-áirítear gluaiseachtaí mar an Art Nouveau agus a chomh-ealaíontóirí mar Aubrey Beardsley agus Gustav Klimt.

Ba scéalaí ó dhúchas é Harry Clarke agus chuaigh an dráma, na síscéalta agus na finscéalta go mór air. Mheall scéalta na samhlaíochta é agus chuaigh e ag obair mar mhaisitheoir leabhair. Is féidir leat cuid de na líníochtaí a rinne sé do *Tales of Mystery and Imagination* le Edgar Allan Poe le feiceáil sa bhailiúchán atá anseo i nGealairí Crawford.

Is gnách go gcruthaítear saothar gloine dhaite d'ionad ar leith. Toisc go bhfuil mórán saothar ghloine Clarke lonnaithe in eaglaisí iargúlta nó i mbailiúcháin phríobháideacha agus os rud e gur minic a mbíonn sé deacair grianghraf a thógáil de shaothar gloine dhaite, níl rochtain éasca ar mórán dá chuid saothar.



Harry Clarke, *At Length Burst in the Argent Revelry* (Mionghné)

Scéal agus an trácht i leith Oíche Féile Úna

Sa bhliain 1923, fuair Harry Clarke coimisiún maidir le fuinneog gloine dhaite intí a chruthú ó Harold Jacob, úinéar Jacob's Biscuits.

Roghnaíodh '*The Eve of St Agnes*' (1819) (Oíche Fhéile Úna), dán le John Keats, mar théma an tsaothair a mheastar anois mar shárshaothar Clarke. Leanann sé an cumann brionglóideach ag na caractair Madeline agus Porphyro ar oíche ghealaí féile Úna, a chomórtar gach bliain ar an 20 Eanáir. Ba í beocht an íomháineachais i bhfilíocht Keats, lena stór saibhir d'fhocail, de dathanna agus de thagairtí, a ghabh samhlaíocht an ealaíontóra.

Líonraí – Corcaigh agus Baile Átha Cliath

Chríochnaigh Harry Clarke 'Oíche Fhéile Úna' i mí Aibreán na bliana 1924. Cheannaigh Ghailearaí Crawford an t-ocht n-uiscedhath déag, a rinne Clarke mar ullmhúchán don fhuinneog, ón ealaíontóir.

Sa bhliain 1916, chuir Clarke fuinneog déag le Séipéal Uí Eonáin i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, sárshaothar de chuid an *Irish Arts & Crafts Movement* (Gluaiseacht Ealaíon agus Ceardaíocht na hÉireann) agus ceann de na mórchoimisiúin ba luaithe a rinne sé. Bhain sé cáil amach freisin as a chuid léaráidí leabhar d'eagráin *Hans Christian Andersen's Fairy Tales* (1916) agus *Tales of Mystery and Imagination* (1919) le Edgar Allan Poe. Thosaigh foilsitheoirí agus scríbhneoirí araon ag tógáil aird ar a chuid saothair. Faoin mbliain 1923, bhí líonra fairsing ag Clarke mar ealaíontóir agus bhí rath an phobail air as a chuid saothar le gloine dhaite.



Tá léargas ar phróiseas smaointeoireachta, ar mhódhanna oibre agus ar úsáid na-nábhar an ealaíontóra le feiceáil faoi cheilt ina chuid saothar ullmhúcháin. Ar imeall *At Length Burst in the Argent Revelry* tá figiúr fireann gioblach agus tuirseach le feiceáil a bhfuil cosúlacht aige leis an ealaíontóir féin. An léargas é seo ar staid intinne Clarke ag an am? Tugann sé frithphointe duairc do radharc na cóisire anamúile ar an imeall.



Ar chúl *Back me Child* nó *Else these Stones Will Be thy Bier*, tá sceitse nochtálach eile le feiceáil. Féachann nocht baineann leathfhaid orainn go scanrúil ón am atá thart. An bean í a raibh aithne ag an ealaíontóir uirthi nó an cuspa í ó Scoil Ealaíne Chathrach Bhaile Átha Cliath ina raibh Clarke ag múineadh ag tús blianta na 1920idí?

ÍOMHÁ



I *The Curtain Call* (an painéal ar chlé) (Umhlú Clabhsúir), léirítear an suíomh mar '*LEFT BASE*' i ndearadh Clarke, agus tagann figiúr eile a d'fhéadfadh a bheith sinistriúil agus uafar le meigeall agus cluais gobaigh chun cinn freisin.



Harry Clarke, *Full On This Casement* (Mionghné)

Taispeántas ar líne Harry Clarke Marginalia de chuid an Ghealairí.

Idirghníomhú leis an Taispeántas: Comhthéacs agus Cur i Láthair

- Cén fhaisnéis is féidir leat a fháil faoin taispeántas ar shuíomh Gréasáin an ghailearaí? An bhfuil sí éasca a fháil? An gcuireann sí fonn ort cuairt a thabhairt; agus más sin an cás, conas? Cad is brí leis an téarma '*marginalia*'?
- An bhfuil sé éasca duit tú féin a stiúradh tríd an taispeántas? Cad iad na príomhthéamaí atá ann, nó cén scéal atá á insint aige? Ar mheall an cur i láthair tú an saothar a chuardach níos doimhne; agus má rinne, conas ar mheall sé?
- Cén chomparáid atá idir taispeántas fíorúil ar líne agus cuairt a thabhairt ar thaispeántas fisiceach? An bhfuil rochtain níos fearr ar thaispeántais fhíorúla?
- Cad a insíonn saothar Harry Clarke faoi shaol an ealaíontóra i gcomhthéacs Bhaile Átha Cliath le linn blianta luatha an 20ú haois? An féidir leat a shamhlú conas mar a bhí an saol laethúil sna laethanta sin?
- Tá an gailearaí suite i bhfoirgneamh stairiúil. An féidir leat faisnéis faoi a fháil ar shuíomh Gréasáin an ghailearaí? Taispeánann Gailearaí Crawford saothair ealaíne stairiúla agus comhaimseartha araon. An gceapann tú go bhfuil an foirgneamh níos oiriúnaí do thaispeántais stairiúla ná do thaispeántais comhaimseartha? Dar leat, an bhfuil tionchar ag suíomh an ghailearaí ar roghnú agus ar chur i láthair an tsaothar ealaíne? An féidir leat samplaí a thabhairt chun tacú le do chuid thuairimí?



Harry Clarke, *St Agnes Roundel* (Mionghné I)

Idirghníomhú leis an saothar ealaíne

- Cad iad na tosca nó na tréithe ar leith i saothar ealaíontóra ar bith a bhfuil tionchar acu ar an gcoimeádaí agus téama nó ábhar an taispeántais á chinneadh aige? Cad é téama lárnach an taispeántais Harry Clarke *Marginalia*? I do thuairim, an éifeachtach é cur i láthair an tsaothair sa taispeántas seo? Conas atá sé?
- Cad a léiríonn an saothair ealaíne sa taispeántas seo faoin bpróiseas ealaíne de chuid Harry Clarke? Maidir lena mhodh oibre agus níos ginearálta, an bhfuil rud éigin laistigh dá shaothar a chuireann i gcuimhne duit saothar aon ealaíontóra eile a ndearna tú staidéar air nó a chonaic tú i dtaispeántas le déanaí? An gcabhraíonn na líníochtaí agus na breacphictiúir ag imill na ndearaí de chuid Harry Clarke leat pearsantacht nó gairm chruthaitheach an ealaíontóra a thuiscint ar bhealach ar bith?
- Léiríonn an taispeántas seo na hoibreacha nó na líníochtaí ullmhúcháin le haghaidh fuinneog ghloine dhaite a dhearadh ach, dar le go leor daoine, tá a dtábhacht féin ag a leithéid líníochtaí. Roghnaigh dhá shaothar a thaitníonn leat. Cad a thugann tú faoi deara i dtéarmaí an ábhair, an datha, an tsolais, na mionsonraí, an chomhdhéanaimh, an fheistis?
- An bhféadfá cur síos a dhéanamh ar an ngaol atá ann idir uiscédhath agus gloine dhaite i dtéarmaí an phróisis? Cad iad na bealaí, dar leat, a d'fhéadfadh siad teacht le chéile i dtéarmaí gnéithe ar leith na healaíne agus prionsabail an dearaidh cosúil le dath, líne agus uigeacht? Déan

Le haghaidh tuilleadh eolais a fháil faoi Harry Clarke

[An phéintéireacht is ansa in Éirinn, RTÉ](#)

[Gealaraí Hugh Lane, Comhrá Caifé: Harry Clarke The Eve of St Agnes, Irish Times, Modern Ireland in 100 Artworks](#)

Harry Clarke do lucht féachana eile

<https://crawfordartgallery.ie/learnexplore1-talking-pictures-week-41-st-agnes>

<https://crawfordartgallery.ie/jigsaw-puzzles-from-our-collection>

<https://crawfordartgallery.ie/colour-our-collection>